# 14 Deireadh a chur leis an scéim Togra Poist

**14.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) maoirseacht ar sholáthar tacaíochta ioncaim agus seirbhísí sóisialta eile faoi réimse leathan scéimeanna. Maoiníodh caiteachas na scéime arbh fhiú €24.2 billiún é in 2023 tríd an Vóta ar son Coimirce Shóisialach agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh.

**14.2** In 2023, bhainistigh an Roinn níos mó ná 90 scéim. Tá trí cinn de na scéimeanna sin dúnta d'iarratasóirí nua, ach leanann rannpháirtithe reatha ar na scéimeanna sin de thacaíocht ioncaim a fháil. Tá an scéim Togra Poist (TP) ar cheann de na scéimeanna sin atá dúnta d'iarratasóirí nua ó bhí 2004 ann, agus chosain sí €10.7 milliún in 2023.

**14.3** Rinneadh an scrúdú sin chun struchtúr agus timpeallacht rialaithe scéim TP a athbhreithniú, agus chun measúnú a dhéanamh ar straitéis na Roinne chun deireadh a chur leis an scéim. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn, chuir sí comhaltaí d'fhoireann na Roinne faoi agallamh, agus rinne sí anailís ar shonraí na scéime.

## Cúlra leis an scéim Togra Poist

**14.4** In 1996, sheol an tAire Fiontar agus Fostaíochta scéim TP mar thionscnamh um ghníomhachtú an mhargaidh saothair. Bhí sé de phríomhchuspóir ag an scéim cuidiú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarma ullmhú don obair trí thaithí oibre, agus deiseanna oiliúna agus forbartha, a sholáthar do rannpháirtithe. Dearadh an scéim chun fostaíocht lánaimseartha a sholáthar ar feadh téarma seasta trí bliana do dhaoine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta. B'éigean do na hiarratasóirí ar an scéim a bheith

- 35 bliana d'aois nó níos sine
- ar an mbeochlár, agus
- ag fáil liúntas/sochar dífhostaíochta nó liúntas tuismitheora aonair ar feadh cúig bliana nó níos faide.[1]

**14.5** Cuireadh deireadh le hearcaíocht ar scéim TP ón 10 Samhain 2004. An tráth sin, d'fhógair an tAire gurb amhlaidh tar éis athbhreithniú ar scéimeanna fostaíochta an Fhorais Áiseanna Saothair (FÁS), nach leagfaí aon duine den fhoireann as go héigeantach ó scéim TP agus go ndéanfaí athnuachan ar chonarthaí na ndaoine sin a bhí ar an scéim. Dá bharr sin, tá an ceart acu sin a bhí ar scéim TP an tráth sin leanúint de bheith ag obair ar an scéim go dtí go mbainfidh siad amach aois scoir reachtúil.


**14.6** Ón tráth a tháinig an Roinn i gceannas ar scéim TP a riar in 2012, laghdaigh an líon rannpháirtithe ó 1,180 rannpháirtí chuig 374 rannpháirtí amhail ó mhí na Nollag 2023, laghdú de 70% beagnach.[2] Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú 60% beagnach ar chaiteachas na scéime (féach Fíor 14.1). Maoiníonn an Roinn an scéim trí íocaíochtaí atá bunaithe ar ghnáthráta seachtainiúil in aghaidh an rannpháirtí, móide liúntas le haghaidh costais ábhar.[3]

1 Bhí daoine de Lucht Siúil na hÉireann, de gach aois, incháilithe freisin chun iarratas a dhéanamh ar choinníoll go raibh liúntas tuismitheora aonair á fháil acu ar feadh bliain amháin, nó go raibh cúnamh dífhostaíochta á fháil acu d'aon tréimhse.

2 Aistríodh freagracht as Scéim TP chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2012.

3 Tá ráta seachtainiúil scéim TP lena bhfuil éifeacht ón 1 Eanáir 2024 cothrom le €519. Tá méaduithe ráta ailínithe le méaduithe buiséadacha leasa shóisialaigh agus méaduithe ar an gcostas maireachtála.

**Fíor 14.1 Caiteachas agus líonta rannpháirtithe scéim TP, 2012 go 2046[a]**





Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
- a I gcomhréir le cur chuige na Roinne chun rannpháirtithe a choinneáil ar a scéimeanna fostaíochta reatha ar feadh tréimhsí dianghlasála, lean rannpháirtithe dá n-íocaíocht iomlán a fháil le linn 2020 agus 2021.
- b Tá líonta rannpháirtithe réamh-mheasta 2024 – 2046 bunaithe ar an scéim a bheith á fágáil ag rannpháirtithe ag aois scoir agus sin amháin.
- c Déantar caiteachas réamh-mheasta a mheas agus úsáid á baint as rátaí amhail ón 1 Eanáir 2024 agus áirítear leis pá na rannpháirtithe, costais ábhar, bónas na Nollag agus rátaí maoirseachta.

**14.7** Fágfaidh thart ar 70% de na rannpháirtithe reatha scéim TP sna chéad ocht mbliana eile faoi mar a bhainfidh siad amach an aois scoir éigeantach de 66 bliana d'aois (féach Fíor 14.2). Mar sin féin, le héifeacht ó mhí Eanáir 2024, is féidir le maoirseoirí ar an scéim a roghnú an scor a chur siar suas go dtí 70 bliain d'aois.[1] Dá bhfanfadh na rannpháirtithe uile ar an scéim go dtí an scor éigeantach, thiocfadh deireadh leis an scéim go nádúrtha in 2046.

**Fíor 14.2 Próifíl aoise rannpháirtithe scéim JI i mí na Nollag 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


1 Trí athchóirithe pinsean a thabhairt isteach, lena bhfuil éifeacht ón 1 Eanáir 2024, soláthraíodh solúbthacht do mhaoirseoirí dul ar scor aon dáta idir 66 bliana d'aois agus 70 bliain d'aois.

### *Tionscadail na scéime Togra Poist*

**14.8** Tá scéim TP urraithe ag grúpaí ar mian leo dul chun tairbhe do phobail áitiúla i.e. eagraíochtaí deonacha, comhlachtaí poiblí agus iad sin atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí neamhbhrabúis. Meastar go bhfuil rannpháirtithe scéim TP i bhfostaíocht lánaimseartha agus go n-íocann urraitheoir an tionscadail a bpá, agus go n-aisíocann an Roinn í ar bhonn timthriall ceithre seachtaine. Tá freagrachtaí na Roinne, urraitheoir an tionscadail, an rannpháirtí agus an mhaoirseora leagtha amach in Iarscríbhinn 14A.

**14.9** Amhail ó mhí na Nollag 2023, bhí 38 dtionscadal ghníomhacha de chuid scéim TP maoinithe ag an Roinn, agus an líon is mó rannpháirtithe lonnaithe i réigiún Bhaile Átha Cliath (53%) agus an chuid eile díobh scaipthe ar fud na tíre (féach Fíor 14.3). Is ar bhonn bliantúil a chuirtear isteach ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail TP urraithe reatha. Mar sin féin, is féidir réimse de róil fostaíochta a mhaoiniú i suíomhanna éagsúla trí gach tionscadal (féach an sampla i bhFíor 14.4).

**Fíor 14.3 Scaipeadh rannpháirtithe scéim TP**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Gníomhaíonn 21 de rannpháirtithe scéim TP 374 i gcáil mhaoirseachta. Sa líon rannpháirtithe i ngach réigiún áirítear maoirseoirí. Tá 13 mhaoirseoir gníomhach i réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá idir maoirseoir ar bith agus beirt mhaoirseoirí ag na contaetha atá fágtha.

**Fíor 14.4 Breac-chuntas ar thionscadal TP amháin atá bunaithe i mBaile Átha Cliath ag a bhfuil ocht rannpháirtí**

| Suíomh | Sainchuntas Poist |
|---|---|
| Baile Bhlainséir | Labhairt ar son an lucht siúil |
| | Oibrí tacaíochta tionscadail le luathfhágálaithe scoile |
| | Freastalaí an ionaid — obair ghairdín agus tógála |
| | Dualgais riaracháin — dualgais fáiltithe agus oifige |
| Cúil Mhín | Dualgais riaracháin le haghaidh club spóirt agus fóillíochta |
| Baile Átha Cliath 15 | Dualgais fáiltithe le haghaidh seirbhís síciteiripe |
| Mullach Eadrad | Comhordaitheoir tacaíochta baile — daoine faoi mhíchumas |
| Baile an Phóirtéaraigh | Coimeádaí páirce — cothabháil a dhéanamh ar fhaiche spóirt, gearradh an fhéir etc. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**14.10** Tá roinnt mhaith de na hurraitheoirí tionscadail ar scéim TP ina n-urraitheoirí freisin ar an scéim um Fhostaíocht Pobail (FP). Tá scéim FP ina clár fostaíochta gníomhaí cosúil le scéim TP ó thaobh cineáil de.[1] Soláthraíonn an Roinn maoiniú ar an dá scéim do phá an rannpháirtí, pá maoirseoirí, costais ábhar agus oiliúint agus forbairt.[2] Mar sin féin, maireann socrúcháin FP ar feadh bliain amháin de ghnáth, agus is amhlaidh atá rannpháirtithe TP i bhfostaíocht bhuan dáiríre. Baineann príomhdhifríochtaí eile leis an líon uaireanta in aghaidh na seachtaine atá incháilithe le haghaidh íocaíochta, agus leis an ráta íocaíochta seachtainiúil (féach Fíor 14.5).

1 Nuair a dúnadh scéim TP in 2004, shonraigh an tAire go dtiocfaidh rannpháirtithe fostaíochtaí pobail in ionad rannpháirtithe TP a fhágann go deonach, agus sin chun leanúint de thacú leis an tseirbhís a sholáthar.

2 Ní dhéantar oiliúint agus forbairt a chur chun cinn go gníomhach do rannpháirtithe ar scéim TP. Bhí na costais a bhain le rannpháirtithe TP a chur faoi oiliúint cothrom le €1,700 in 2023.

**Fíor 14.5 Comparáid idir cláir fostaíochta**

| Clár | Aidhm | Ráta seachtainiúil[a] | Uaireanta in aghaidh na seachtaine | Ráta in aghaidh na huaire | Fad an chláir |
|---|---|---|---|---|---|
| An scéim Togra Poist | Cuidiú le daoine atá i bhfostaíocht fhadtéarma filleadh ar an obair | €519 | 39 | €13.31 | Déantar athnuachan ar na conarthaí go bliantúil go dtí an aois scoir[b] |
| An Scéim Fostaíochta Pobail | Cuidiú le daoine atá i bhfostaíocht fhadtéarma filleadh ar an obair | €259.50 | 19.5 | €13.31 | Bliain amháin agus síneadh dhá bhliain eile má táthar i mbun oiliúna le haghaidh mórbhronnadh oideachais, nó má táthar 55 bliana d'aois[c] |
| Scéim Shóisialta na Tuaithe | Cuidiú le feirmeoirí ar ioncam íseal agus leo sin a ghabhann d'iascaireacht | €259.50 | 19.5 | €13.31 | Bliain amháin, ach is féidir síneadh a chur leis sin go bliantúil má chomhlíonann an rannphháirtí critéir iomlána na scéime, go dtí an aois scoir |
| Tús | Deiseanna oibre gearrthéarmacha a sholáthar do dhaoine dífhostaithe | €259.50 | 19.5 | €13.31 | Socrú oibre aon bhliana amháin |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Tá na rátaí a léirítear ar na híosrátaí íocaíochta atá éifeachtach ó mhí Eanáir 2024.
b Nuair a bhí sé gníomhach (ó 1996 – 2004), cuireadh teorainn trí bliana le rannpháirtíocht an chláir.
c Is féidir le rannpháirtithe FP atá os cionn 60 bliain d'aois fanacht ar an gclár go leanúnach go dtí go gcáilíonn siad do phinsean stáit.

### *Maoirseoirí*

**14.11** Gníomhaíonn 21 de na 374 rannpháirtí de chuid scéim TP i gcáil mhaoirseachta, agus íoctar iad ar scála idir €746.22 agus €901.27 in aghaidh na seachtaine. Ó dúnadh an scéim in 2004, agus ó lean na maoirseoirí reatha ina ról ar feadh tréimhse éiginnte, ní raibh rannpháirtithe in ann dul ar aghaidh chuig róil maoirseoirí agus mar riail ghinearálta, ní thagann aon duine in ionad maoirseoirí a théann ar scor nó a éiríonn as. Déileálann an Roinn le bearnaí sa mhaoirseacht a thagann aníos ar bhonn cás ar chás, chun a áirithiú go soláthrófar maoirseacht leordhóthanach.

**14.12** Shonraigh an Roinn cé gurb amhlaidh is féidir gur tugadh ardú céime chuig maoirseoir do chuid de na rannpháirtithe ó bhí 2012 ann, níl sonraí iontaofa aici ar líon ná uainiú na n-arduithe céime sin.

### ***Éifeachtacht scéim TP***

**14.13** Bhí sé de phríomhchuspóir ag scéim TP cuidiú le daoine a bhí dífhostaithe go fadtéarma ullmhú do dheiseanna oibre, trí thaithí oibre agus deiseanna oiliúna agus forbartha a sholáthar do rannpháirtithe ar feadh uastréimhse trí bliana. Ós rud é go leanann rannpháirtithe TP de bheith ar an scéim go dtí an aois scoir anois, ní fheidhmíonn sí mar scéim um ghníomhachtú an mhargaidh saothair a thuilleadh.

**14.14** Le scéim TP soláthraítear fostaíocht lánaimseartha anois (le breis is 20 bliain anuas), agus í maoinithe ag an Roinn, in eagraíochtaí a théann chun tairbhe don phobal áitiúil. Dá bhrí sin, ní féidir rath na scéime a thomhas trí dhul chun cinn rannpháirtithe san fhórsa saothair. Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ná ní choinníonn sí taifid ar an líon rannpháirtithe a fhágann an scéim ar chúiseanna seachas an aois scoir a bhaint amach.

**14.15** D'fhorbair scéim TP ina scéim coimirce sóisialaigh agus níl aon bhearta i bhfeidhm faoi láthair ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na scéim ina formáid reatha.

### *An tionchar atá ag líonta meathlaitheacha ar fheidhmiú na scéime*

**14.16** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar threoir na Roinne le haghaidh a foirne agus a hurraitheoirí tionscadail, na rialuithe atá i bhfeidhm chun scéim TP a mhaoiniú agus an tionchar a bhí ag líonta rannpháirtithe meathlaitheacha ar fheidhmiú scéim TP ina formáid reatha (féach Fíor 14.6).

**Fíor 14.6 Breathnuithe ar fhormáid reatha na scéime**

| Gné den scéim | Breathnuithe na foirne imscrúdaithe |
|---|---|
| Tá incháilitheacht na rannpháirtithe bunaithe ar a stádas fostaíochta an tráth a dúnadh an scéim in 2004. | Ó shampla de 25 rannpháirtí ar a ndearnadh athbhreithniú, suíodh leis an scrúdú gurb amhlaidh, i gcás amháin, a bhí an rannpháirtí i mbun fostaíocht lánaimseartha le comhlacht eile. Áiríodh sin i dteannta na 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine a oibríodh le hurraitheoir an tionscadail.<br><br>Luaigh an Roinn go bhfuil rannpháirtithe i dteideal tabhairt faoi fhostaíocht eile lasmuigh den tinreamh 39 n-uair an chloig a éilítear faoi scéim TP agus gur dodhéanta rannpháirtithe ag a bhfuil níos mó ná fostaíocht amháin a shainaithint gan scrúdú a dhéanamh ar gach rannpháirtí TP ina aonar, rud atá fadálach agus an costas féideartha níos mó ná an sochar.<br><br>Déanann Oifigí Forbartha Pobail (OFPanna) seiceálacha tinrimh mar chuid den phróiseas monatóireachta airgeadais. I gcás ina dtagann cásanna den sórt sin chun solais, tugtar fógra don OFP faoi sin chun a dheimhniú go bhfuil 39 n-uair an chloig oibre á ndéanamh ar scéim TP. |
| Treoir a eisítear d'fhoireann na Roinne agus urraitheoirí scéim TP | Tugadh an treoir cothrom le dáta den uair dheireanach in 2019 agus ní chuirtear san áireamh léi an meath ar rannpháirtithe agus ar na líonta tionscadail le blianta beaga anuas.<br><br>Ní sholáthraítear treorú léi d'fhoireann na Roinne maidir le conas tionscadail, atá ag éirí neamh-inmharthana, a bhainistiú.<br><br>Déileáiltear le gach tionscadal ar bhonn ad hoc nó aonair, de réir mar a thagann saincheisteanna chun cinn. |
| Le coinníollacha maoinithe na scéime, éilítear ar urraitheoirí an tionscadail an méid seo a leanas a bheith acu:<br>▪ ráitis airgeadais iniúchta<br>▪ tuarascálacha iniúchóireachta iniúchta<br>▪ árachas don tionscadal<br>▪ cuntas bainc ar leith | As cúig thionscadal ar a ndearnadh athbhreithniú, i gcás amháin ghlac an Roinn le cóip de na ráitis airgeadais gan tuarascáil shínithe ón iniúchóir neamhspleách.<br><br>Maidir leis an gceanglas a bhaineann le cuntas bainc ar leith a bheith ag duine do mhaoiniú scéim TP, tá feidhm aige maidir leis na tionscadail uile, gan beann ar an líon rannpháirtithe. Tá cúig rannpháirtí nó níos lú ag 45% de na tionscadail.<br><br>Urraíonn thart ar leath na n-urraitheoirí TP tionscadal FP freisin agus, dá bhrí sin, tá dhá iniúchadh deiridh bliana agus dhá pholasaí árachais á n-íoc acu. |
| Riar na scéime | Tá ualach costais riaracháin ar an Roinn ós rud é go n-éilítear ar an bhfoireann seiceálacha rialaithe a dhéanamh ar gach timthriall íocaíochta ceithre seachtaine agus réitigh dheiridh a dhéanamh gan beann ar cé chomh beag is atá an tionscadal.<br><br>Le haghaidh na n-eagraíochtaí sin a urraíonn FP agus TP, déantar macasamhail de chúraimí riaracháin d'fhormheas an iarratais athnuachana agus íocaíochtaí. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chuairteanna | Is é cleachtas na Roinne cuairt mhonatóireachta bhliantúil amháin, ar a laghad, a dhéanamh do gach tionscadal. Ní dhéanann an Roinn agallaimh le rannpháirtithe agus maoirseoirí scéim TP ach amháin le linn cruinnithe a reáchtáiltear mar chuid den chuairt.<br><br>Le linn COVID-19, rinneadh cigireachtaí airgeadais cianda. Luaigh an Roinn le linn an athbhreithnithe sin gur cuireadh cuairteanna monatóireachta ar an láthair ar ais in 2022.<br><br>Shuigh an fhoireann imscrúdaithe gurb amhlaidh, i gcás ceann de na cúig thionscadal TP ar a ndearnadh athbhreithniú, nach ndearna an Roinn cuairt ar an láthair ó bhí 2019 ann. Mar sin féin, rinneadh cigireacht airgeadais cianda in 2023. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Straitéis chun deireadh a chur leis an scéim*

**14.17** In 2023, rinne an t-aonad beartais de chuid na Roinne athbhreithniú inmheánach ar scéim TP agus bhreithnigh sé trí rogha fhéideartha do thodhchaí na scéime (féach Fíor 14.7). Mar sin féin, go dtí seo, ní dhearnadh aon chinneadh maidir le todhchaí scéim TP. Níl aon straitéis fhoirmiúil i bhfeidhm faoi láthair chun deireadh a chur le scéim TP, agus leantar de bheith ag déileáil le saincheisteanna ar bhonn aonair de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Fíor 14.7 Roghanna chun deireadh a chur le scéim TP**

**Leanúint de chead a thabhairt deireadh a chur leis de réir a chéile ar bhealach nádúrtha**

Ós rud é go leanann na rannpháirtithe/na maoirseoirí de bheith ar scéim TP go dtí an aois scoir, d'fhéadfadh sé go leanfadh scéim TP ar aghaidh go dtí 2046 ar chostas €60 milliún a bheag nó a mhór.

**Breithnithe:**

- Cuireadh tús cheana le roinnt clabhsúr agus cónascthaí ar thionscadail aonair scéim TP, agus sin mar gheall ar an laghdú i rannpháirtithe.
- Cé gur mb'fhéidir gur rogha fhéideartha a bheidh ann cónascadh a dhéanamh ar na tionscadail atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, ní hamhlaidh atá do chodanna eile den tír (féach Fíor 14.3).
- Tá an baol ann go leanfaidh maoirseoirí i bhfostaíocht gan aon rannpháirtithe acu chun maoirseacht a dhéanamh orthu, agus a mhalairt.

Is léir go n-éiríonn an clár neamh-inmharthana ar bhonn airgeadais d'urraitheoirí de réir mar a laghdaíonn na líonta ar an gclár.

**Cumasc leis an scéim Fostaíochta Pobail**

D'fhéadfadh an Roinn an deis a thabhairt d'urraitheoirí FP dul i gceannas ar fhostaithe scéim TP a bhainistiú. Agus scéim TP á cumasc le scéim FP, leanfaidh an costas garbh de bheith cothrom le €60 milliún móide costais riaracháin/TF chun an t-aistriú a éascú.

**Breithnithe:**

- Ba ghá é sin a dhéanamh i gcomhréir le forálacha TUPE.[1]
- Oiriúnacht chórais na Roinne chun dhá scéim/ról a bheith acu don urraitheoir céanna.
- Difríochtaí ábhartha agus ráta íocaíochta agus conas a bheadh tionchar aige sin ar bhuiséad na scéime.

Is féidir go mbeidh an méid sin ina ábhar spéise ar leith do na hurraitheoirí sin a fheidhmíonn scéimeanna TP agus FP araon, inarb amhlaidh is féidir leis na rannpháirtithe leanúint dá bhfostaíocht leis an bhfostóir céanna gan aon athrú a dhéanamh ar a dtéarmaí fostaíochta.

**Scor den scéim**

D'fhéadfaí scor den scéim ag tráth áirithe.

**Breithnithe:**

- Ba ghá pacáiste iomarcaíochta a bheith i bhfeidhm i gcomhréir le dlíthe fostaíochta caighdeánacha.
- D'fhéadfaí coigiltis don Státchiste a fhritháireamh go páirteach ach rannpháirtithe a aistriú chuig scéim íocaíochta leasa shóisialaigh eile (m.sh. sochar cuardaitheoirí poist).
- D'fhéadfadh éifeacht a bheith aige sin ar an líon daoine ar an mbeochlár a mhéadú.

Ba ghá measúnú a dhéanamh ar conas is féidir na seirbhísí reatha a soláthraíodh faoin scéim a ionadú agus ar an gcostas a bheadh ag baint leis sin don Státchiste. Tá cuid mhór tosca conarthacha agus dlíthiúla le breithniú freisin roimh leanúint don rogha sin.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí.

1 Is éard is TUPE ann an téarma a úsáidtear chun gnóthais a aistriú nuair a bhogtar fostaithe chuig fostóir nua mar chuid de chumasc dlíthiúil nó díolachán gnó agus cumhdaítear é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003..

## Conclúidí agus moltaí

**14.18** Ós rud é nach ndearnadh aon earcaíodh ó bhí 2004 ann, tá rannpháirtithe scéim TP mar chuid de chlár neamhghníomhach le 20 bliain anuas. Ní fheidhmíonn an scéim a thuilleadh mar scéim um ghníomhachtú an mhargaidh saothair d'fhonn rannpháirtithe a ullmhú do dheiseanna oibre. Leis an scéim, soláthraítear fostaíocht lánaimseartha do na rannpháirtithe, in eagraíochtaí a théann chun tairbhe dá bpobail áitiúla agus, mar sin, tá sí forbartha ina scéim coimirce sóisialaigh, ar doiligh meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí dearfacha orthu. Dá bhrí sin, ní féidir rath na scéime a thomhas a thuilleadh trí dhul chun cinn rannpháirtithe san fhórsa saothair.

**14.19** Leis an iniúchadh, fuarthas fianaise ó shampla de 25 rannpháirtí ar a ndearnadh scrúdú lena léiríodh go raibh duine amháin ag obair go lánaimseartha freisin lasmuigh den scéim. Níl an méid sin in aghaidh rialacha na scéime.

**14.20** De bharr phróifíl aois na rannpháirtithe reatha, tiocfaidh scéim TP chun deireadh in 2046 agus beidh an líon rannpháirtithe ina bhfigiúirí singile faoi 2037 (féach Fíor 14.1). Thosaigh foireann na Roinne agus urraitheoirí an tionscadail de bheith ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn de dheasca inmharthanacht an tionscadail ar bhonn aonair agus ad hoc, gan aon straitéis fhoirmiúil ná cur chuige coiteann glactha ná doiciméadaithe aici.

**14.21** Ní dhearnadh athbhreithniú, le roinnt mhaith blianta anuas, ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus is féidir nach léireofar cúinsí reatha na scéime leo. Níl na próisis ná na rialuithe i gcomhréir, a thuilleadh, leis an líon rannpháirtithe ar an scéim ná níl siad ina léiriú ar na dúshláin atá ann dá bharr sin (féach Fíor 14.6).

### Moladh 14.1

Le haghaidh scéimeanna atá deartha chun go gcuirfear deireadh leo thar thréimhse fhada, ba cheart don Roinn athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh (e.g. gach trí bliana ar a laghad) ar na rialuithe agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh siad fós oiriúnach don fheidhm de réir mar a théann na líonta ar an scéim i laghad.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an scéim Togra Poist sa dara leath de 2025 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

## Iarscríbhinn 14A Róil agus freagrachtaí

| Róil | Freagrachtaí |
|---|---|
| **An Roinn** | ▪ Formheasann sí maoiniú ar bhonn bliantúil do gach tionscadal<br>▪ Eisíonn sí comhaontú deontais bliantúil chuig urraitheoir an tionscadail<br>▪ Déanann sí cuairteanna monatóireachta airgeadais<br>▪ Déanann sí athbhreithniú ar ráiteas ioncaim agus caiteachais an tionscadail roimh an íocaíocht deiridh. |
| **Urraitheoir an tionscadail** | ▪ Cuireann sé nó sí isteach ar athnuachan tionscadail ar bhonn bliantúil<br>▪ Eisíonn sé nó sí an conradh fostaíochta chuig an rannpháirtí[a]<br>▪ Soláthraíonn sé nó sí clár oibre eagraithe don rannpháirtí agus áirithíonn sé nó sí go bhfuil an polasaí árachais i bhfeidhm<br>▪ Cuireann sé nó sí éilimh ar íocaíocht isteach i dtimthriall ceithre seachtaine<br>▪ Éascaíonn sé nó sí cuairteanna monatóireachta airgeadais<br>▪ Soláthraíonn sé nó sí doiciméadacht tacaíochta, cuntais iniúchta, agus tuarascáil iniúchóra don Roinn |
| **Rannpháirtí** | ▪ Cuireann sé nó sí obair 39 n-uair an chloig i gcrích in aghaidh na seachtaine<br>▪ Síníonn sé nó sí taifead tinrimh laethúil<br>▪ Tá sé nó sí ar fáil d'agallamh mar chuid de chuairteanna monatóireachta na Roinne |
| **Maoirseoir** | ▪ Cuireann sé nó sí obair 39 n-uair an chloig i gcrích in aghaidh na seachtaine<br>▪ Déanann sé nó sí maoirseacht ar na gnéithe riaracháin, teicniúla agus forbartha rannpháirtithe den tionscadal<br>▪ Freastalaíonn sé nó sí ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise a eagraíonn an Roinn |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá rannpháirtithe scéim TP ina bhfostaithe de chuid urraitheora an tionscadail seachas de chuid na Roinne.